

An tSonraíocht nua Eolaíochta á tabhairt isteach

Fáilte chuig ár gcéad Nuachtlitir den bhliain acadúil 2016-2017, bliain ina dtugtar an tSonraíocht nua Eolaíochta isteach sa seomra ranga. Bhí muid ag obair go dlúth lenár gcuid comhaltaí, ar múinteoirí eolaíochta iad, le feiceáil conas atá an tsonraíocht á cur i bhfeidhm go praiticiúil agus le hoibriú amach cad é is féidir leis an bhfoireann lánaimseartha a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt duit sula mbeidh an dara lá FGL agat. Ná bíodh moill ort dul i dteagmháil linn trí info@jct.ie nó ag ár gcuid seoltaí r-phoist féin. Idir dá linn agus tríd an Nuachtlitir seo, tá súil againn tú a chur ar an eolas faoi tacaí eile atá ar fáil do mhúinteoirí.

Tacú le tuismitheoirí agus le scoláirí

B'fhéidir gur mhaith leat an [físeán](#) seo a úsáid le barúil a thabhairt do thuismitheoirí agus do scoláirí faoi céard atá ag tarlú.

Tacaíocht do mhúinteoirí nach bhfuair Lá 1 den FGL anuraidh

Íoslódáil [anseo](#) cóip de phóstaer na dtorthaí foghlama agus breathnaigh ar fhíseán gearr a thugann blaiseadh den tsonraíocht nua [anseo](#).

Eolas ar Mheasúnú

Faoi [Measúnú](#) i rannóg na hEolaíochta den suíomh gréasáin gheobhaidh tú roinnt tacaí agus ina measc:


- Eolas a bhaineann le measúnú leanúnach in Eol. na Sraithe Sóisearaí
- Físeán tosaigh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe san Eolaíocht
- Amlíne do na measúnuithe nua in Eol. na Sraithe Sóisearaí don chéad chohórt scoláirí a thosaigh i Meán Fómhair.

Tá Treoirlínte Measúnaithe an CNCM don Eolaíocht ar fáil [anseo](#).

Roinn do chuid smaointe linn trí [#JCTscience](#) Lean muid ar Twitter [@JCforteachers](#).

Treoirlínte le haghaidh pleanáil chomhoibríoch roinne

Chun tacú leat i do phleanáil roinne chruthaigh muid [físeán](#) a léiríonn ár dtreoirphrionsabail agus muid ag obair le torthaí foghlama.



Go hachomair

1. Roghnaigh le chéile na torthaí foghlama atá i bhfócas le haghaidh tréimhse oibre m. s. leath-théarma. Ba chóir tabhairt faoi torthaí foghlama ón Snáithe Comhthéacsúil agus ó Nádúr na hEolaíochta. D'fhéadfaí freisin tabhairt faoi chodanna de torthaí foghlama ó shnáitheanna difriúla i mbloc oibre.
2. Díphacáil amach na torthaí foghlama atá i gceist maidir le tuiscint, scileanna agus luachanna faoi mar a rinneadh ar Lá 1 den FGL.
3. Nuair a mheabhraítear ar chiall na mbriathra gnímh a úsáidtear bíonn tuiscint níos fearr ar an toradh foghlama.
4. D'fhéadfaí plé a dhéanamh ag an tráth seo ar an gcaoi a mbaileofar fianaise ar fhoghlaim scoláirí.
5. Féadann gach múinteoir ansin an t-eolas sin a úsáid chun tosú ar a gcuid pleanáil ranga féin.

Mar roinn, b'fhéidir gur mhaith libh na doiciméid ar phleanáil chomhoibríoch a úsáid atá idirghníomhach agus ina bhfuil liosta iomlán anois de torthaí foghlama AGUS a gcuid briathra ábhartha gnímh ([Snáithe Comhthéacsúil](#) agus [Nádúr na hEolaíochta](#))

Cinntigh go bhfuil sonraí gach baill sa roinn cláraithe ag an bPríomhoide i mbliana ionas go bhfaighidh sibh cuireadh freastal ar an FGL

Pleanáil do do sheomra ranga

Nuair a bheidh do phleanáil roinne críochnaithe ní mór duit machnamh ar cad é a tharlóidh i do sheomra ranga féin. Cliceáil ar an íomhá thíos chun a chur i gcuimhne duit roinnt de na pointí tábhachtacha a théann le Nádúr na hEolaíochta.



Is gá go mbeadh an phleanáil solúbtha ag an staid seo agus tú ag dul i dtaithí ar an tsonraíocht nua. D'ullmhaigh gach duine ar an bhfoireann eolaíochta plean leath-théarma chun a léiriú conas a thabharfadh múinteoirí difriúla faoi na torthaí foghlama ar bhealaí difriúla. Faightear na físeáin sin sa rannán pleanála dár suíomh gréasáin [anseo](#). Níl na físeáin ar fáil trí Gaeilge fós ach beidh siad amach anseo.

Tacaíocht FGL agus Am a thugtar in 2016 - 2017

Chun cabhrú leat an tsonraíocht nua eolaíochta a fheidhmiú, tá 8 n-uair d'am gairmiúil leith dháileadh ar gach múinteoir eolaíochta. Leagtar amach sa [chiorclán ROS](#) seo conas is féidir teacht orthu sin agus iad a úsáid. Is iad na rannóig 3.1.2 – 3.2.2 a bhaineann leis an hábhar seo.

Gheobhaidh gach múinteoir lá iomlán amháin FGL eolaíochta freisin agus táimid ag súil le tú a fheiceáil aige sin.

Arís eile, tá deiseanna á soláthar i bpáirt lenár gcomhpháirtithe, Fondúireacht Eolaíocht Éireann agus An Gailearaí Eolaíochta. Chun fanacht ar an eolas fúthu sin déan cinnte go bhfuil tú ar an liosta seachadta s'againn

[Cliceáil anseo](#) le dul ar ár liosta seachadta

Sna seachtainí romhainn tá súil againn seimineár gréasáin a óstáil chun roinnt de do cheisteanna a fhreagairt. Cliceáil [anseo](#) le fáil amach cad is seimineár gréasáin ann. Faoi mar a gealladh anuraidh, is mian linn freastal ar bhur gcuid riachtanas, mar sin de is fearr duit a chur in iúl dúinn cad iad na smaointe ar mhaith leat muid plé a dhéanamh orthu sa seimineár gréasáin seo, tríd an [suirbhé gearr](#) seo a chomhlánú.

Le dea-mhéin,
Foireann Eolaíochta an SSM